AN SCÉIM UM ÁBHAR SAORÁIL FAISNÉISE A FHOILSIÚ D'OIFIG AN CHOIMISINÉARA FAISNÉISE

A. Faisnéis faoi Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Cé sinn agus cad a dhéanaimid

Is é príomhfheidhm Oifig an Choimisinéara Faisnéise ná athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna a thug comhlachtaí poiblí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (an tAcht um Shaoráil Faisnéise).

Bunú

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Faisnéise (an Oifig) faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003, agus foráladh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 do leanúint den Oifig chun críche athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar bhreitheanna a thug comhlachtaí poiblí ar iarrataí ar rochtain ar thaifid agus chun a chumasú go bhféadfaí oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise go ginearálta a choinneáil faoi athbhreithniú.

Tá an Oifig faoi stiúir ag an gCoimisinéir Faisnéise (an Coimisinéir) agus tá sí ina comhlacht poiblí inti féin chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Dá réir sin, féadfar rochtain a fháil ar a cuid taifid, faoi réir eisceachtaí áirithe, ach iarraidh Saoráil Faisnéise a dhéanamh.

Róil agus Freagrachtaí

Is éard atá i gceist le ról agus freagrachtaí na hOifige ná na ceanglais a bunaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a chomhlíonadh. Bunaítear cearta reachtúla áirithe do gach duine leis an Acht sin:

- Ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart go leasófaí faisnéis oifigiúil a bhaineann leo féin i gcásanna ina bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- Ceart chun cúiseanna a fháil le breitheanna a théann i bhfeidhm orthu féin.

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, cuirtear ar chumas daoine faisnéis oifigiúil a rochtain a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta a bhíonn ag daoine aonair.

Feidhmeanna an Choimisinéara

Is iad seo príomhfheidhmeanna an Choimisinéara:

- Athbhreithniú a dhéanamh (ach é a iarraidh) ar bhreitheanna a thug comhlachtaí poiblí i dtaca le hiarrataí Saoráil Faisnéise agus na breitheanna sin a dhearbhú, a athrú nó a neamhní. Féadfaidh an Coimisinéir breith nua a thabhairt má neamhnítear an bhreith;
- Oibriú an Achta a choinneáil faoi athbhreithniú d'fhonn comhlíonadh iomlán a chinntiú (is féidir gurb éard atá i gceist ansin imscrúdú a dhéanamh ar oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise, idir oibriú ginearálta agus oibriú i dtaca le comhlachtaí ar leith);

- Dearcadh oscailteachta a chothú i measc comhlachtaí poiblí ach spreagadh a thabhairt dóibh foilsiú deonach a dhéanamh ar fhaisnéis faoina gcuid gníomhaíochtaí nach gceanglaítear orthu í a fhoilsiú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise;
- Tráchtaireachtaí a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le hoibriú praiticiúil an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Taifid atá i seilbh na hOifige

Tagann an raon taifead atá i seilbh na hOifige faoi na catagóirí leathana seo a leanas (d'fhéadfadh forluí de phointe éigin a bheith ann)

<u>Taifid Riaracháin Inmheánaigh</u>

- Taifid Phearsanra
- Taifid Chuntasaíochta
- Clár Sócmhainní
- Treoirlínte agus Ciorcláin ón Státseirbhís/ón tSeirbhís Phoiblí
- Clúdach Foilsithe na Meán, lena n-áirítear gearrthóga nuachtáin
- Óráidí agus Láithreoireachtaí arna dtabhairt ag an gCoimisinéir/foireann na hOifige
- Teagmhálacha le comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear ainmneacha na n-oifigeach idirchaidrimh do gach comhlacht a gclúdaíonn an tAcht iad
- Nótaí agus miontuairiscí chruinnithe an lucht bainistíochta agus doiciméid ghaolmhara
- Taifid a bhaineann le tuarascálacha a fhoilsiú e.g. tuarascála bliantúla, lena n-áirítear taifid a bhaineann le haistriúchán, le tairiscintí, le dearadh agus le priontáil
- Bainistíocht shuíomh Gréasáin an Choimisinéara
- Bainistíocht athbhreithnithe cásanna
- Staitisticí faoi athbhreithnithe cásanna
- Iarrataí Saoráil Faisnéise ar rochtain ar thaifid atá i seilbh na hOifige
- Iarratais ar athbhreithniú ar bhreitheanna Saoráil Faisnéise atá lasmuigh de dhlínse an Choimisinéara
- Iarrataí faoin Acht um Chosaint Sonraí ar rochtain ar thaifid atá i seilbh na hOifige
- Fiosruithe ginearálta agus comhfhreagras ginearálta

<u>Beartas</u>

- Teagmhálacha leis an Roinn Airgeadais
- Teagmhálacha le Coistí Oireachtais
- Breitheanna/Comhfhreagras le hoifigí coibhéiseacha i ndlínsí eile

<u>Reachtaíocht agus ábhar gaolmhar</u>

- Plé leis an Láraonad Beartais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le hoibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise

- Plé le comhlachtaí poiblí maidir le hoibriú na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise

Treoracha/Treoirlínte Foirne

- Nósanna imeachta le haghaidh iarratais ar athbhreithniú agus fiosruithe a láimhseáil
- Socruithe idirchaidrimh le comhlachtaí poiblí

Athbhreithnithe/Imscrúduithe arna ndéanamh ag an gCoimisinéir

- Cumarsáidí leis an iarratasóir, leis an gcomhlacht poiblí agus le haon tríú páirtithe ábhartha
- Taifid a bhaineann le breitheanna Saoráil Faisnéise atá á n-athbhreithniú ag an gCoimisinéir
- Aighneachtaí arna ndéanamh ag páirtithe lena mbaineann i dtaca le hathbhreithniú/le himscrúdú
- Comhairle dlí arna cur ar fáil don Oifig
- Breitheanna an Choimisinéara Faisnéise
- Taifid eile a bhaineann le hathbhreithnithe agus le himscrúduithe, lena n-áirítear sonraí socraithe, sonraí faoi dhúnadh cásanna, imscrúduithe, anailís agus ráitis arna dtabhairt ag oifigigh na hOifige

Feidhmeanna agus dualgais eile an Choimisinéara faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

- Tuarascálacha ar oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise
- Tuarascálacha bliantúla
- Taifid a bhaineann le Deimhnithe Aire
- Taifid a bhaineann le neamhnochtadh taifead

Socruithe Rialachais agus Bainistíochta

Tá an Oifig seo tiomanta do struchtúir, do phróisis agus do chórais den dea-chleachtas a thacaíonn le feidhmiú rathúil a dualgas ar bhealach eiticiúil, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach. Is féidir sonraí faoi shocruithe rialachais na hOifige a fháil i ndoiciméad a Creata Rialachais Chorparáidigh, doiciméad ina leagtar amach na córais, na prionsabail agus na próisis trína ndéantar an Oifig a threorú agus a rialú.

Pleananna Corparáideacha agus Straitéisí Corparáideacha

Cuireann an Oifig le mór-Ráiteas Straitéise Oifig an Ombudsman agus treoraítear í leis an Ráiteas sin. Is féidir cóip den Ráiteas sin a rochtain ag an Nasc seo.

Tuarascáil Bhliantúil

Tá Tuarascálacha Bliantúla na hOifige ar fáil ar an suíomh Gréasáin ag Tuarascálacha Bliantúla.

Struchtúr Eagrúcháin

Struchtúr na hOifige

An Coimisinéir:	Peter Tyndall
An tArd-Stiúrthóir:	Jacqui McCrum
Imscrúdaitheoirí Sinsearacha:	Elizabeth Dolan agus Stephen Rafferty (Príomhoifigigh)
Imscrúdaitheoirí:	11 Phríomhoifigeach Chúnta
Oifigigh Imscrúdaithe:	5 Oifigeach Riaracháin
Aonad Tacaíochta	1 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 2 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 3 Oifigeach Cléireachais

Grádú Pá

Feidhmíonn an Coimisinéir Faisnéise mar Ombudsman agus mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil freisin. Chomh maith leis sin, tá an tOmbudsman ina chomhalta de bhrí oifige den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO), den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, den Choimisiún Reifrinn agus den Choimisiún um Thoghlaigh. Tá a thuarastal coibhéiseach le tuarastal Ard-Rúnaí III sa Státseirbhís.

Mar an gcéanna, gníomhaíonn an tArd-Stiúrthóir mar Ard-Stiúrthóir d'Oifig an Ombudsman, d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus d'Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil. Is ionann a tuarastal agus tuarastal Rúnaí Chúnta sa Státseirbhís.

Is féidir scálaí tuarastail státseirbhíseach a fháil sna ciorcláin atá ar fáil ag na naisc seo a leanas:

Tuarastail ó Ard-Rúnaí go Príomhoifigeach Cúnta

Tuarastail ó Oifigeach Riaracháin (AO) go hOifigeach Cléireachais (CO)

Tuarastal Ardoifigeach Feidhmiúcháin (HEO)

Láthair na hOifige

Tá an Oifig suite ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
Uaireanta oscailte: idir 9.15 agus 5.30 Luan go Déardaoin agus idir 9.15 agus 5.15 ar an Aoine.
Is féidir treoracha chuig an Oifig a fháil anseo: Déan teagmháil linn

Sonraí Teagmhála

Post: Oifig an Choimisinéara Faisnéise, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 HE97.
Teileafón: +353-1-639 5689
Íosghlao: 1890 253 238
Facs: (01) 6395676
Ríomhphost: foi@oic.ie

Ceisteanna ó na Meáin

Déan teagmháil le David Nutley, Cumarsáid, Oifig an Ombudsman

Teil.: 01 639 5610 nó 086 023 1420

Ríomhphost: david.nutley@ombudsman.ie

Cairt Chustaiméirí

Tá an Chairt Seirbhíse do Chliaint ó Oifig an Ombudsman glactha ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Tá an doiciméad sin ar fáil ag Cairt Seirbhíse do Chliaint.

Cód Cleachtais

Tá baill foirne na hOifige ina státseirbhísigh i Státseirbhís an Stáit agus, dá bhrí sin, tá siad faoi cheangal ag Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

B. Seirbhísí a Sholáthraítear don Phobal

An tseirbhís a sholáthraímid

Féadfaidh an Coimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar na breitheanna seo a leanas a tugadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise:

1. Breith diúltú do na taifid go léir a iarradh a chur ar fáil;
2. Breith diúltú do thaifead iomlán a chur ar fáil;
3. Breith diúltú don taifead a chur ar fáil san fhormáid a iarradh;
4. Breith deonú rochtana ar an taifead a iarchur;
5. Breith diúltú d'fhaisnéis phearsanta a cheartú;
6. Breith faoi alt 10 trínar gá cúiseanna a thabhairt le gníomhartha de chuid comhlachtaí poiblí a dhéanann difear ábhartha do dhuine;
7. Breith táille a ghearradh nó éarlais a iarraidh sula n-eiseofaí faisnéis;
8. Breith taifid a eisiúint le leas an phobail i gcásanna ina gcuimsíonn na taifid faisnéis atá pearsanta, a tugadh i modh rúin don chomhlacht poiblí nó atá íogair ó thaobh na tráchtála de;
9. Breith an teorainn ama nach mór breith a thabhairt ar iarraidh ar rochtain inti a shíneadh.

Sa chuid is mó de chásanna, ní fhéadfaidh an Coimisinéir glacadh le hiarratas ar athbhreithniú mura bhfuil leas bainte ag an iarrthóir as an meicníocht athbhreithnithe inmheánaigh a oibríonn an comhlacht é féin. Mar sin féin, i gcás inarbh é **ceann** an chomhlachta phoiblí a thug an bhreith thosaigh, ba cheart iarratas ar athbhreithniú ar an mbreith sin a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisinéir gan tabhairt faoi chéim an athbhreithnithe inmheánaigh. Mar an gcéanna, ba cheart na breitheanna a ndéantar cur síos orthu ag pointí 7, 8 agus 9 thuas agus roinnt breitheanna iarchuir a chuimsítear ag pointe 4 thuas a threorú chuig an gCoimisinéir gan tabhairt faoi chéim an athbhreithnithe inmheánaigh.

Ní fhéadfaidh an Coimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna a tugadh ar iarrataí Saoráil Faisnéise a rinneadh chuig an Oifig. Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, féadfar na breitheanna sin a achomharc go díreach chuig an Ard-Chúirt.

Ní fhéadfaidh an Coimisinéir athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith i gcás ina bhfuil deimhniú aire faoi alt 34 den Acht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm. Tá foráil in alt 34 trína bhféadfaidh Aire de chuid an Rialtais a dhearbhú, ach deimhniú a thabhairt, go bhfuil taifead díolmhaithe ó raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise ar na forais nach bhfuil aige "go leor íogaireachta nó tromchúise a thugann údar lena dhéanamh."

Féadfaidh an Coimisinéir diúltú d'iarratas ar athbhreithniú a dheonú i gcásanna ina meastar an t-iarratas a bheith suaibhreosach nó cráiteach nó i gcásanna ina mbaineann an t-iarratas le hábhar is ábhar d'athbhreithniú eile.

Conas is féidir ár seirbhís a rochtain

Ní mór do dhuine atá ag iarraidh athbhreithniú ar bhreith iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisinéir laistigh de theorainneacha ama sonraithe. De ghnáth, ba cheart iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an gCoimisinéir laistigh de 6 mhí ón uair a cuireadh an bhreith in iúl don duine. Tá rogha ag an gCoimisinéir an teorainn ama sin a shíneadh - ar feadh aon tréimhse is mian leis - i gcásanna ina measann sé go bhfuil forais réasúnacha ann le déanamh amhlaidh.

De ghnáth, bíonn feidhm ag **teorainn ama dhá sheachtain** maidir le cásanna:

1. Ina mbaineann an bhreith lena hathbhreithniú le síneadh na teorann ama le haghaidh iarraidh Saoráil Faisnéise a phróiseáil is infheidhme maidir leis an gcomhlacht poiblí;
2. Ina bhfuil an bhreith lena hathbhreithniú ina breith inar bhreithnigh comhlacht, le leas an phobail, taifead a eisiúint a chuimsíonn faisnéis is faisnéis atá pearsanta, a tugadh i modh rúin don chomhlacht poiblí nó atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus ina ndeachaigh sé i ndáil chomhairle le tríú páirtí leasmhar faoina chinneadh beartaithe.

Tá rogha ag an gCoimisinéir an tréimhse dhá sheachtain a shíneadh sa dá chás sin nuair atá sé den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann le déanamh amhlaidh.

I gcás ina ndéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don Choimisinéir cóip den iarratas sin a chur ar fáil don chomhlacht i gceist.

I gcás ina gcinneann an Coimisinéir glacadh le hiarratas ar athbhreithniú, cuirfear an méid sin in iúl don iarratasóir, don chomhlacht poiblí lena mbaineann agus d'aon duine ábhartha eile agus iarrfar orthu aighneachtaí faoin ábhar a dhéanamh lena mbreithniú san athbhreithniú.

Féadfar iarratas ar athbhreithniú a tharraingt siar am ar bith go dtí go bhfuil fógra tugtha faoin gcinneadh ar an athbhreithniú.

Tar éis dó iarratas ar athbhreithniú ar bhreith a fháil, féadfaidh an Coimisinéir, i gcásanna ina bhfuil sé den tuairim nach bhfuil cúiseanna fónta lena bhreith tugtha ag an gcomhlacht lena mbaineann, ordú a thabhairt don chomhlacht sin faisnéis níos iomláine faoin mbreith a thabhairt don iarrthóir agus don Choimisinéir é féin.

Sonraítear san Acht um Shaoráil Faisnéise gur cheart don Choimisinéir, a mhéid is indéanta, cinneadh a dhéanamh ar iarratas ar athbhreithniú laistigh de cheithre mhí ón iarratas a fháil. Cuirfidh an Coimisinéir an cinneadh agus na cúiseanna atá mar bhonn agus thaca ag an gcinneadh in iúl do na páirtithe atá páirteach in iarratas ar athbhreithniú. Tugann an Coimisinéir sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil faoin líon iarratas ar athbhreithniú nár eisíodh cinntí ina leith laistigh den teorainn ama roghnaithe.

Féadfaidh an Coimisinéir aon cheist dlí a thagann aníos le linn athbhreithnithe a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena breith agus féadfaidh sé déanamh an chinnidh ar an athbhreithniú a chur siar go dtí an uair sin a mheasann sé a bheith caoithiúil tar éis bhreith na hArd-Chúirte.

Faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, cinneann an Coimisinéir a nósanna imeachta féin le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tugtar údarás leis an Acht um Shaoráil Faisnéise don Choimisinéir socrú idir na páirtithe a chur i ngníomh mar rogha eile ar chinneadh foirmiúil. I gcásanna ina gcomhaontaíonn na páirtithe le cur chuige den sórt sin, féadfaidh an Coimisinéir, ach toiliú na bpáirtithe a fháil, an t-athbhreithniú a fhionraí agus, má thagtar ar shocrú, scor den athbhreithniú.

An costas a ghearrtar i leith ár seirbhís a rochtain

Bíonn an táille atá le híoc chun ár seirbhís a rochtain ag brath ar an gcineál iarratais ar athbhreithniú atáthar ag cur isteach. Tá liosta de na táillí le gearradh ar fáil thíos.

Cineál Athbhreithnithe	Táille le híoc
Rochtain ar thaifead pearsanta a bhaineann leis an iarrthóir.	Gan táille
Leasú ar thaifid (alt 9 den Acht um Shaoráil Faisnéise).	Gan táille
Ráiteas faoi chúiseanna (alt 10 den Acht um Shaoráil Faisnéise).	Gan táille
Achomharc in aghaidh breithe a thug comhlacht poiblí (Saoráil Faisnéise) táille a ghearradh. D'fhéadfaí táillí a ghearradh as cuardach le haghaidh taifead is ábhar d'iarraidh Saoráil Faisnéise agus iad a aisghabháil agus/nó a chóipeáil.	Gan táille
Iarraidh a bhfuil feidhm ag alt 37(8) den Acht um Shaoráil Faisnéise ina leith.	Gan táille
Rochtain ar thaifead neamhphearsanta.	€50
Rochtain ar thaifead neamhphearsanta ag duine a shealbhaíonn cárta leighis Éireannach nó ag cleithiúnaí le duine a shealbhaíonn cárta leighis. NB: Beidh fótachóip den chárta leighis ábhartha ag teastáil ón Oifig	€15
Tríú páirtithe atá ag achomharc in aghaidh breithe a thug comhlacht poiblí a bhfaisnéis a eisiúint ar mhaithe le leas an phobail (alt 29 d'Acht 1997, nó alt 38 d'Acht 2014).	€15

Is féidir sonraí iomlána faoi na táillí atá le híoc agus an rogha chun táillí a íoc ar líne a fháil ag Déan Iarratas ar Athbhreithniú.

An ceart chun achomharc a dhéanamh maidir leis an tseirbhís a sholáthraímid

Tá cinneadh an Choimisinéara ar athbhreithniú ina cheangal ar na páirtithe lena mbaineann. Is ar phonc dlí amháin a fhéadfar cinneadh den sórt sin a achomharc chuig an Ard-Chúirt agus féadfar é a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach ina dhiaidh sin.

Tionscadail taighde arna ndéanamh ag an Oifig

Tá tuarascálacha foilsithe ag an gCoimisinéir ar oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas go dtí seo:

- Staidéar ar Lámhleabhair Ailt 15 agus 16 (na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003) arna bhfoilsiú ag comhlachtaí poiblí
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise - Comhlíonadh Comhlachtaí Poiblí
- Tráchtaireacht an Choimisinéara Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
- Tuarascáil ar Fhorálacha Neamhnochta den Acht um Shaoráil Faisnéise chuig an gComhchoiste
- Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí (alt 32)
- Bileog faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus faoi ról an Choimisinéara Faisnéise
- Nótaí treorach maidir le hailt éagsúla den Acht um Shaoráil Faisnéise

Is féidir na tuarascálacha thuas a fháil ar ár suíomh Gréasáin ag Foilseacháin.

C. An próiseas cinnteoireachta le haghaidh mórthograí beartais

CONAS A DHÉANAIMID CINNTÍ

Comhlacht athbhreithnithe is ea an Oifig agus ní cheapann sí beartas poiblí. Tugann an Coimisinéir ráitis faoi thograí beartais ábhartha ó am go chéile, áfach.

D. Faisnéis Airgeadais

An t-airgead a chaithimid

Cistítear an Oifig faoin vóta a leithdháiltear ar Oifig an Ombudsman.

Féach anseo le haghaidh an Cuntas Leithreasa is déanaí foilsiú a fheiceáil.

E. Soláthar

Conas a chaithimid an t-airgead sin

Tá cóip dár bPlean Soláthair Chorparáidigh 2014 - 2016 ar fáil anseo.

F. Loga Nochta Saoráil Faisnéise agus Faisnéis eile is gá a Fhoilsiú mar Chúrsa Gnáthaimh

Loga Nochta Saoráil Faisnéise

	Dáta na hIarrata	Catagóir Iarrthóra	Sonraí na hIarrata	An Bhreith a Tugadh	Dáta na Breithe
FOI/2015/0001	23/01/2015	Eile	Taifead a bhaineann le héisteacht chúirte	Fuarthas an iarraidh a bheith cráiteach agus diúltaíodh di de bhun alt 15(1)(g).	4/02/2015
FOI/2015/0003	03/06/2015	Eile	Taifid ar chórais taifeadta tinrimh/fleisc-ama shínte, lena n-áirítear sonraí faoin am a thug gach duine ar aghaidh ag deireadh tréimhsí ama sonracha.	Deonaíodh an iarraidh go páirteach (gan ainmneacha na mball foirne aonair a nochtadh).	24/06/2015
FOI/2015/0007	08/12/2015	Eile	Comhfhreagras idir Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus comhlachtaí/eagraíochtaí faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise a dhiúltaigh d'iarrataí Saoráil Faisnéise a dheonú sa bhliain 2015.	Diúltaíodh don iarraidh faoi fhorálacha Sceideal 1, Cuid 1(q).	17/12/2015

Iarrataí Saoráil Faisnéise ar an Oifig

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, tá gach duine i dteideal iarratas a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal ar shlí eile. Tríd is tríd, tá duine i dteideal na nithe seo a leanas:

1. Rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh na hOifige.
2. Go gceartófaí faisnéis phearsanta, a bhaineann leis féin, agus atá i seilbh na hOifige, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach.
3. Rochtain a fháil ar chúiseanna le breitheanna a thug an Oifig agus a chuaigh i bhfeidhm go díreach air.

Ní faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise a thagann gach taifead atá i seilbh na hOifige. Níl feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le hathbhreithnithe faoi alt 34 ná le himscrúduithe faoi alt 36, seachas taifid a cruthaíodh sular tosaíodh an t-athbhreithniú nó an t-imscrúdú lena mbaineann, nó taifead a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. D'fhéadfadh go mbeadh taifid eile ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (faoi réir na

ngnáthdhíolúintí) – e.g. taifid a bhaineann le riarachán na hOifige, amhail cúrsaí pearsanra nó teagmhálacha ginearálta le comhlachtaí poiblí.

Ba cheart iarrataí Saoráil Faisnéise a bhaineann le taifid na hOifige a sheoladh chuig:

Rosanne Meehan
Oifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise
Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: +353-1-639 5689 Facs: (01) 6395676 Ríomhphost: foi@oic.ie

Ba cheart iarrataí a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart a shonrú iontu go bhfuil an iarraidh á déanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart an fhoirm a bhfuiltear ag iarraidh na taifid a fháil inti – e.g. fótachóipeanna/diosca – a lua san iarraidh freisin. Ionas go mbeifear in ann na taifid atá á n-iarraidh a shainaithint, ba cheart d'iarrthóirí cur síos atá chomh mionsonraithe agus is féidir a dhéanamh ar na taifid. Más féidir é, ba cheart uimhir theagmhála is féidir a úsáid le linn uaireanta oifige a sholáthar ionas go mbeifear in ann na sonraí faoi iarraidh Saoráil Faisnéise a shoiléiriú. Cabhróidh foireann na hOifige le hiarraidh Saoráil Faisnéise a chur le chéile, más gá.

Admhóidh an Oifig iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise laistigh de dhá sheachtain ón iarraidh sin a fháil. Luafar san admháil sin go mbeidh sé de cheart ag an iarrthóir athbhreithniú inmheánach ar an mbreith a iarraidh sa chás nach mbeidh sé sásta leis an mbreith Saoráil Faisnéise a eisíodh. Eiseofar an bhreith laistigh de cheithre seachtaine.

An Ceart chun Athbhreithniú Inmheánach ar Bhreith

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise do cheart chun athbhreithniú inmheánach ar bhreitheanna comhlachtaí poiblí. Féadfar athbhreithniú inmheánach a iarraidh i gcásanna inar diúltaíodh d'iarraidh Saoráil Faisnéise nó inar deonaíodh go páirteach í agus i gcásanna inar iarchuireadh rochtain. Is féidir athbhreithniú inmheánach a iarraidh freisin i gcásanna ina bhfuil aighneas faoin bhfoirm rochtana nó faoi leibhéal na dtáillí a ghearrtar. *Meastar gur diúltaíodh d'iarraidh Saoráil Faisnéise i gcásanna nár eisíodh breith laistigh de cheithre seachtaine ón iarraidh Saoráil Faisnéise a fháil.*

Ba cheart iarrataí ar athbhreithniú inmheánach ar bhreitheanna na hOifige a dhéanamh i scríbhinn chuig:

Rosanne Meehan
Oifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise
Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: +353-1-639 5689 Facs: (01) 6395676 Ríomhphost: foi@oic.ie

Cinnteoidh sí gurb é oifigeach atá ag leibhéal níos airde ná an t-oifigeach a thug an bhreith bhunaidh Saoráil Faisnéise a dhéanfaidh an t-athbhreithniú. Ba cheart iarraidh den sórt sin a

dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine ón mbreith bhunaidh a fháil. Is gá an bhreith tar éis athbhreithniú inmheánach a eisiúint laistigh de thrí seachtaine ón iarraidh a fháil.

Faisnéis arna foilsiú ag an Oifig

Is é an aidhm atá leis an Acht um Shaoráil Faisnéise rochtain a cheadú ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí agus nach gcuirtear ar fáil don phobal mar chúrsa gnáthaimh ar shlí eile, faoi réir díolúintí, nósanna imeachta agus teorainneacha ama áirithe. Tá an fhaisnéis seo a leanas faoi ghníomhaíochtaí agus faoi fheidhmeanna na hOifige ar fáil gan dul i muinín an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Tuarascálacha Bliantúla

Cuireann an Coimisinéir tuarascáil faoi bhráid an Oireachtais gach bliain maidir le gníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana roimhe. Is féidir tuarascálacha bliantúla a fháil sna háiteanna seo a leanas:

- An Oifig ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
- Ar ár suíomh Gréasáin ag Cinntí.
- Oifig Foilseachán an Rialtais. Cuireann an Oifig sin Seirbhís Trádála Poist ar fáil. Is é seoladh na hOifige: Oifig na nOibreacha Poiblí, Foilseacháin an Rialtais, 52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2. Glactar le horduithe thar an teileafón, trí ríomhphost agus tríd an bpost. Bíonn Ionad Glaonna ar oscailt idir 09.30 agus 13.00 agus 14.00 agus 17.00 Luan go hAoine chun cabhrú le glaoiteoirí agus chun glacadh le híocaíochtaí ordaithe le cárta, le seic nó le hordú poist. Tá seoladh tiomnaithe ríomhphoist ann freisin agus tabharfar freagra ar gach ceist ar an gcéad lá oibre eile. Teil.: 01 647 6834 nó seol ríomhphost chuig publications@opw.ie

Lámhleabhar Nósanna Imeachta: ar fáil anseo.

Nótaí Treorach: ar fáil anseo.

Foilseacháin eile

Foilsíonn an Coimisinéir tuarascálacha ar oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise freisin. Foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas go dtí seo:

- Staidéar ar Lámhleabhair Ailt 15 agus 16 (na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003) arna bhfoilsiú ag comhlachtaí poiblí
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise - Comhlíonadh Comhlachtaí Poiblí
- Tráchtaireacht an Choimisinéara Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise
- Tuarascáil ar Fhorálacha Neamhnochta den Acht um Shaoráil Faisnéise chuig an gComhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí (alt 32)
- Bileog faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus faoi ról an Choimisinéara Faisnéise
- Nótaí treorach maidir le hailt éagsúla den Acht um Shaoráil Faisnéise

Tá na foilseacháin go léir thuas ar fáil saor in aisce ón Oifig nó ar an suíomh Gréasáin anseo.

Suíomh Gréasáin

Tá tuilleadh faisnéise faoin Oifig ar fáil ar ár suíomh Gréasáin (www.oic.ie). Áirítear leis an bhfaisnéis sin:

- Faisnéis faoin gCoimisinéir agus faoin ról atá aige.
- Faisnéis faoin Oifig, lena n-áirítear conas a chomhlíonann sí an Scéim Teanga, an tAcht um Míchumas agus athúsáid Faisnéis Earnála Poiblí.
- An téacs iomlán de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014, agus na Rialacháin a rinneadh fúthu sin.
- Liosta de na Comhlachtaí Poiblí go léir faoi raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise.
- Conas iarraidh Saoráil Faisnéise a dhéanamh chuig an Oifig.
- Conas iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisinéir le haghaidh athbhreithniú ar bhreith Saoráil Faisnéise a thug comhlacht poiblí.
- Gach cinneadh tábhachtach ón gCoimisinéir.
- Gach Breithiúnas ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt Uachtarach ar achomhairc in aghaidh chinntí an Choimisinéara.
- Óráidí agus Láithreoireachtaí ón gCoimisinéir agus ó fhoireann na hOifige.
- Treoir maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.
- Nótaí Treorach maidir le hailt den Acht um Shaoráil Faisnéise.